# An Próiseas Scríbhneoireachta (Gaelscoil)

## Faisnéis Tacaíochta

### Cúlra

Tá an sampla seo lonnaithe i rang a sé i scoil lán-Ghaeilge. Is scoil mheasctha í an scoil seo. Agus eispéiris foghlama á gcruthú sa seomra ranga, déanann an múinteoir machnamh ar réamheolas, spéiseanna na bpáistí agus Torthaí Foghlama an churaclaim. Beidh sé sin éagsúil ó pháiste go páiste. Díríonn an sampla seo ar an bpróiseas scríbhneoireachta. Leagann an múinteoir ranga amach na céimeanna don phróiseas scríbhneoireachta do na páistí. Cinntíonn sé sin go bhfuil siad ar an eolas faoi gach céim atá ar bun acu. Tá cur amach ag na páistí anois ar an bpróiseas scríbhneoireachta. Tógann an próiseas tréimhse fhada le bunú sa seomra ranga. Tá an sampla seo ina fhíseán léargais ar an bpróiseas sin.




### An Próiseas Scríbhneoireachta

Tá úrscéal léite ag na páistí bunaithe ar an topaic 'an samhradh', mar sin is é fócas an eispéiris seo ná eachtraí an tsamhraidh. Trí ábhar a roghnú as leabhar atá léite ag na páistí, tugtar bunús dóibh sa stór focal a bhaineann leis an topaic sula dtosaíonn siad ar an bpróiseas scríbhneoireachta. Leagtar amach thíos na cúig chéim den phróiseas scríbhneoireachta. Cuimsíonn siad plé don rang iomlán, gníomhaíochtaí aonair, féinmheasúnú, obair bheirte agus piarmheasúnú. Soláthraíonn gach ceann de na céimeanna deiseanna agus eispéiris nua foghlama do na páistí. Déanann an múinteoir athbhreithniú ar gach céim leis na páistí. Cinntíonn sé sin go dtuigeann na páistí an próiseas agus go n-ullmhaítear iad don chéad chéim eile.

**1. An Réamhscríbhneoireacht:** Bíonn na páistí ag obair i mbeirteanna ag cur liosta focal le chéile, meabhairmhapa, cur síos ar charachtar, suíomh faidhbe agus réiteach na faidhbe. Bíonn an deis acu é a phlé lena chéile chun a gcuid tuairimí a leathnú.

**2. An Chéad Dréacht:** Tosaíonn na páistí ag scríobh leo féin agus ag díriú ar na smaointe níos mó ná na mionsonraí. Tuigeann siad go mbeidh seans acu é a fheabhsú níos déanaí.

**3. Athbhreithniú:** Téann siad siar ar a gcuid scríbhneoireachta (i mbeirteanna), ag féachaint ar an bhfoclóir, an t-ábhar, agus an tslí a bhfuil an scéal curtha in eagar acu. Cuireann an múinteoir ceisteanna orthu ag an gcéim seo ar nós *conas is féidir cur leis an scéal níos mó, nó cur síos níos fearr a dhéanamh ar píosaí den scéal, rudaí a bhogadh nó a athrú?*




**4. Eagarthóireacht:** Ag baint úsáid as an **mbogha báistí eagarthóireachta** bíonn ar na páistí léamh siar ar a scéal féin agus é a cheartú. Tá na páistí ag féachaint anseo ar na botúin a rinneadh ó thaobh na poncaíochta, na gramadaí agus an litrithe de.

**5. Foilsiú:** Tá na páistí ag foilsiú an scéil, ag déanamh cinnte go bhfuil sé néata agus tarraingteach don léitheoir – crochann siad an scéal ar an mballa ionas go mbeidh deis ag na páistí eile é a léamh.

# An Próiseas Scríbhneoireachta (Gaelscoil)

## Faisnéis Tacaíochta

### Ullmhúchán don Teagasc agus Foghlama

Ag baint úsáid as eolas oideolaíoch, eolas ar na páistí agus eolas ábhair ar Churaclam Teanga na Bunscoile, d'aithin an múinteoir roinnt Torthaí Foghlama ón snáithe Scríbhneoireachta agus fócas na foghlama nua. Seo iad a leanas:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF2: Inspreagadh agus rogha | Uirlisí, straitéisí, agus ábhar, a mheas go criticiúil agus a roghnú chun téacs a chruthú. |
| TF4: Litriú agus staidéar ar fhocail | Úsáid a bhaint as ábhar tagartha cuí chun litriú a sheiceáil agus a cheartú go neamhspleách. A aithint go n-athraíonn focail Ghaeilge uaireanta de réir chomhthéacs na gramadaí. |
| TF7: Próiseas na scríbhneoireachta agus téacs a chruthú | Scileanna agus straitéisí a bhaineann leis an scríbhneoireacht mar phróiseas a ainmniú agus a mheas agus iad a úsáid chun téacsanna a chruthú go neamhspleách. |
| TF9: Peannaireacht agus cur i láthair | Stíl agus leagan amach ábhartha a roghnú, a chosaint, agus a mholadh chun téacsanna a chruthú agus a chur i láthair i réimse formáidí. |

### Measúnú

Ag céim 3 den phróiseas scríbhneoireachta, tacaíonn na páistí lena chéile trí **phiarmheasúnú**. Tugann siad aiseolas dearfach dá chéile chomh maith le moltaí cabhracha maidir le conas is féidir leo an scéal a fheabhsú. Tá deis ag an múinteoir ag an bpointe seo suí le grúpaí éagsúla le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ceisteanna a chur orthu chomh maith. Tá a fhios ag na páistí ag an gcéim athbhreithnithe seo den phróiseas scríbhneoireachta go bhfuil an múinteoir ag déanamh measúnú orthu, ar a gcuid oibre agus ar a n-úsáid teanga. Tá an próiseas scríbhneoireachta an-úsáideach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí agus ó thaobh aistriú scileanna go dtí an scríbhneoireacht sa Bhéarla. Ghlac an múinteoir raon cuir chuige mheasúnaithe **iomasaigh** le linn an phróisis scríbhneoireachta. Ina measc sin bhí **ceisteanna ábhartha** a chur agus comhrá leis na páistí. Le linn an phróisis scríbhneoireachta agus mar thoradh ar **na hidirghníomhaíochtaí pleanáilte** ar nós comhráite le grúpaí agus páistí aonair, cuireadh ar chumas an mhúinteora foghlaim na bpáistí a mheas ar bhonn rialta, fócas na dTorthaí Foghlama go háirithe.

### Ceisteanna machnamhach

- I do thaithí féin, cén cineál timpeallachta foghlama atá riachtanach chun tacú le piarmheasúnú agus féinmheasúnú sa seomra ranga?
- Úsáideann an múinteoir bogha báistí eagarthóireachta chun cuidiú leis na páistí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid oibre. An rud é sin a d'fhéadfá a úsáid i do sheomra ranga féin nó an bhfuil acmhainní eile ann a mheasann tú a bheadh éifeachtach? Agus an bhféadfaí an bogha báistí eagarthóireachta a chur in oiriúint do ranganna níos óige?
- Smaoinigh ar rannpháirtíocht na bpáistí leis an bpróiseas scríbhneoireachta i mBéarla trí scrúdú a dhéanamh ar *Learning Outcome 7 – Writing process and creating text*. Conas a d'fhéadfadh rannpháirtíocht na bpáistí sa phróiseas scríbhneoireachta mar a léirítear sa sampla seo aistriú go dtí a gcuid foghlama i mBéarla? Conas a d'fhéadfadh an múinteoir ullmhú don aistriú scileanna seo ó Ghaeilge go Béarla?

**Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.**